

Faisnéis Ráithiúil **Banc Ceannais na hÉireann**

Earrach 1973

Ailíniú Praghasanna san CEE*

Le Pól Ó Duibhir

Coimriú

Nuair a bunaíodh Cópobal Eacnamaíochta na hEorpa, agus nuair a tosaíodh ar dhleachtanna custaim idir na sé státbhaill a laghdú, bhíothas ag súil le hailíniú praghasanna idir mhargaí na státball. Ag tús na seacadaí rinneadh iarrachtaí éagsúla leis an ailíniú seo a thomhas ach níor éirigh leo toisc nach raibh staidrimh cuí ar fáil.

Rinne an t-údar fhéin iarracht ar seo, ag baint úsáide dó as staidrimh trádála an OECD, ach ba léir ó na torthaí nach raibh sé seo sásúil ach an oiread.

Tháinig Coimisiún Cópobal Eacnamaíochta na hEorpa ar an dtuairim nach bhféadfaí staidéar sásúil a dhéanamh leis na staidrimh a bhí ar fáil ag an am, agus thuigeadar go mba ghá staidrimh ar leith a bhailiú chuige seo amháin. Thosnaíodar féin, más ea, ar fhiosrúcháin chóaimsearacha ins na sé státbhaill, le staidrimh a bhailiú ar phraghasanna miondíolúcháin. Bhaineadh na staidrimh le hearraí caighdeánacha, agus, mar seo, bheidís inchomparáide ó thír go tír. Tosnaíodh ar na fiosrúcháin seo i 1966 agus tá siad ar siúl ó shoin. Tá feabhas mór á chur ortha de réir a chéile.

Ainneoin seo, tá na fiosrúcháin fós lochtach maidir le cur i láthair a gcuid torthaí. Deineann an t-alt seo an príomh locht ar an bhfiosrúchán a scrúdú agus molann sé bealach a leighis.

Sé an locht is mó ar an bhfiosrúchán ná seo. Cé go bhfuil sé in ainm is a bheith ag déanamh staidéar ar na sé státbhaill, ní chuirtear san áireamh ins na torthaí ach margaí dhá thíortha do gach earra: an margadh ina bhfuil an praghas is airde, agus an ceann ina bhfuil an praghas is lú don earra sin. Molann an t-alt seo bealach ina bhféadfaí na sé margaí a chur san áireamh ag an am gcéanna, agus, ar ndóigh, is mó an bhuntáiste a bheadh ann anois agus naoi dtíortha i gceist.

Sainmhíniú

Sé is aidhm don alt seo ná an modhchóras is fearr a aimsiú le hailíniú praghasanna sa CEE a mheas i gcás earraí déantúisíochta. Ní insuime linn ardú nó ísliú praghasanna aonair, ach an t-ailíniú idir phraghasanna ar mhargaí éagsúla an Cópobail a mheas. Le staidéar mar seo is gá claoi le hiarmairtí ar leith. Marach seo, bheadh orainn plé le cúrsaí ilghnéitheacha mar structúir costanna tionscaláíochta na dtíortha éagsúla a chur i gcomórtas lena chéile, agus freisin b'fhéidir, structúir an éilimh, rátaí bolgaidh nó fiú a leithne is atá lucht cairtéala, lucht monoplachta, nó lucht aoncheannaíochta in ranna eacnamaíochta éagsúla na dtíortha trí chéile. Ba staidéar ar leith é gach ceann de na gnéithe thuasluaite, agus mar sin seachnaítear iad san alt seo.

*Tá foclóirín ar leathanach 70 dóibh siúd gur mian leo úsáid a bhaint as.

Nóta: Tá an t-údar ag obair san Roinn Airgeadais; tá sé féin freagarthach as na tuairimí a nochtar san alt seo agus ní gá gur mar a chéile na tuairimí sin agus tuairimí an Bhainc ná tuairimí na Roinne Airgeadais.

